Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC
19th September 2022
Item No. 13

Miontuairiscí - 22ú Iúil 2022 ag 2.30i.n

Miontuairiscí den chruinniú – DéhAoine, 22ú Iúil 2022, 2.30pm ar Zoom

I Láthair: An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), Ray Yeates, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh, Darach O'Connor, An Comhairleoir Nial Ring, An Comhairleoir Deirdre Heney

Leithscéalta:

Ag glacadh na miontuariscí: Catherine Neville

Clár Oibre
1. Miontuairiscí
2. Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí
3. Féile na Rósanna - 16-17 Iúil (Donncha)
4. Baile Átha Cliath le Gaeilge (Julian)
5. Aon ghnó eile

1. **Miontuairscí** - Bhí na Miontuairiscí glacaithe.

2. **Nithe a bhaineann leis na Miontuairiscí** - D'árdaigh an Cathaoirleach dhá nithe ag baint leis na Miontuairicí. Maidir le pleanáil le Lá Mór na Gaeilge an bhliain seo chugainn, aontaíodh go gcuirfí é ar an gclár oibre de ghach cruinniú as seo amach. Maidir le lógónna Gaeilge laistigh den Chomhairle, luaigh Orla McMorrow an reachtaíocht nua a éilíonn go mbeadh lógónna i nGaeilge agus i mBéarla.
Aontaíodh go gcuirfeadh Orla cuireadh do Chuideachta Chultúir don chéad chruinniú eile chun a bpolasaí i leith na Gaeilge chomh maith lena lógó a phlé.

3. **Féile na Rósanna** - Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Donncha Ó Cathasaigh chun seastán Ghaeilge a eagrú leis an bhFéile na Rósanna i bPáirc Naomh Áine agus an foireann BÁC le Gaeilge as a gcuid oibre. Labhair Donncha Ó Cathasaigh faoi rath an seastán agus mhol sé gach duine a bhí ag obair ar an seastán i rith an deireadh seachtaine ag tabhairt amach bileoga agus ag labhairt leis an bpobal. Ghabh Donncha buíochas freisin as obair Chonradh na Gaeilge agus na hearraí a thóg siad leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn (greamáin, t-léinte, pinn, pinn luaidhe agus bandaí caol).

Bhí plé ginearálta faoin ócáid agus na deiseanna amach anseo chun an Ghaeilge a chur chun cinn don phobal. Dúirt Donncha go ndearna 'Nationwide' gnéchlár ar Fhéile na Rósanna agus bhí suim ag an léiritheoir BÁC le Gaeilge a léiriú ar a gclár speisialta le haghaidh Seachtain na Gaeilge.

Bhí plé eile faoi preasráiteas do Fhéile na Rósanna. Níor luaigh sé seastán Bhaile Átha Cliath le Gaeilge d'ainneoin comhairle a fháil ón gCathaoirleach. Luaigh an Cathaoirleach é ag an gcruinniú Prótacail inné (21/7/2022) agus tá siad chun é a ardú leo.

4**. Baile Átha Cliath le Gaeilge**:
Thug Julian de Spainn eolas ar ghníomhaíochtaí Bhaile Átha Cliath le Gaeilge agus roinn sé liosta de gnólachtaí go bhfuil spéis acu an Ghaeilge a úsáid. Faoi láthair tá siad ag obair ar phacáistí tacaíochta atá dírithe ar leibhéil éagsúla. Léibhéal 1: ranganna a chur ar fáil saor in aisce atá dírithe ag daoine ar an gcúntair. Leibhéal 2: Beidh Mícheál Ó Nualláin nó Erin Mac an tSaoir ar fáil le tacaíocht meantóireachta a fháil do ghnólachtaí atá páirteach. Leibhéal 3: Tá siad ag smaoineamh ar rudaí praiticiúla do dhaoine atá ag obair leis an bpobal ar nós saghas clog ag an gcuntar a léiríonn an leibhéal Gaeilge atá ag an bhfostaí (ó chúpla focal go dtí líofa). Tá siad ag smaoineamh ar bhileoga a dháileadh, leis an méid airgead atá fágtha ón mbliain seo caite, ar an bpobal nó ar ghnólachtaí. Beidh cruinniú ag an gCoiste Chomhairleach i rith an Mheán Fómhair agus beidh moltaí ag teacht as sin.

Bhí plé ansin faoi dháta oiriúnach do Lá Mór na Gaeilge na bliana seo chugainn. Aontaíodh gurb é an 30ú lá d'Aibreán an dáta is fearr agus go mbeidh Conradh na Gaeilge in ann é a chur sa féilire atá le dul amach chuig na scoileanna ar ball.

5. An ghnó eile:
Dúirt an Cathaoirleach go mbeadh an Coiste Chuimhneacháin ag nochtadh plaic don scríbhneoir Seosamh Mac Grianna ar an 19ú Lúnasa i bPáirc Naomh Áine. Beidh an plaic suite ar chuaille gheata teach geata na páirce áit ina raibh Mac Grianna ina chonaí. Níl fágtha anois ach cuaille an gheata.
Dúirt an Cathaoirleach go gcuirfidh sé eolas faoin searmanas nochta ar aghaidh go dtí an Fhochoiste.

Dúirt an Comhairleoir Ring go bhfuil dhá comharthaí bóthair i nGaeilge le haghaidh 'Lá na Rothar' i gCluain Tarbh agus gurb rud dearfach é iad a fheiceáil.

Ba mhaith le Donncha Ó Cathasaigh a rá go raibh Darach O'Connor ag obair ag an Seastán BÁC le Gaeilge freisin ach rinne sé dearmad chun é a luaigh níos luaithe.

Gníomhartha:

- Cuirfidh Orla McMorrow cuireadh chuig Cuideachta Chultúir le cur i láthair a dhéanamh ag an gcéad cruinniú eile
- Cuirfidh Julian de Spáinn liosta chuig an bhfochoiste de na gnólachtaí go bhfuil spéis acu Gaeilge a úsáid **(**déan teagmháil le Julian má tá fios agat ar aon ghnó le spéis sa Ghaeilge).
- Cuirfidh an Cathaoirleach eolas chuig an bhfochoiste faoin searmanas nochta do Sheosamh Mac Grianna

Minutes of the Irish Language subcommittee meeting – Friday 22nd July 2022, 2.30pm on Zoom

Present: Councillor Mícheal Mac Donncha (Chair), Ray Yeates, Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh, Darach O'Connor, Councillor Nial Ring, Councillor Deirdre Heney

Excused:

Taking Minutes: Catherine Neville

Agenda
1. Minutes
2. Matters arising from the minutes
3. Rose Festival - 16-17 July (Donncha)
4. Baile Átha Cliath le Gaeilge (Julian)
5. AOB

1. **Minutes** – The minutes were agreed.

2. Matters arising from the minutes – The Chair raised two matters arising from the minutes. The first in relation to the planning of 'Lá Mór na Gaeilge' for next year, it was agreed that it would be put on the agenda of every meeting going forward. The Chair also raised the issue of logos in Irish within the Council. Orla McMorrow mentioned the new legislation that requires logos to be in both Irish and English. It was agreed that Orla would send an invitation to Dublin City Culture Company to attend the next meeting to discuss their policy on Irish as well as their logo.

3. Rose Festival: The Chair thanked Donncha Ó Cathasaigh for organising an Irish language stand at the Rose Festival and the Baile Átha Cliath le Gaeilge team for their work. Donncha Ó Cathasaigh spoke about the success of the stand over the two days and he praised everyone who worked on the stand over the weekend handing out leaflets and engaging with the public. Donncha also thanked Conradh na Gaeilge for their participaton as well as the complementary goods that they brought to promote Irish including stickers, t-shirts, pens, pencils and wristbands.

There was a general discussion about the event and the opportunities going forward to promote Irish at similar events. Donncha mentioned that 'Nationwide' were present to do a feature on the Rose Festival and the producer is interested in including BAC le Gaeilge in their Seachtain na Gaeilge special programme.

There was a further discussion about the Rose Festival press release. The BAC le Gaeilge stand was not mentioned in it, despite being advised of this by the Chair. The Chair brought this up at the Protocol Meeting on the 21st July and they are going to raise this issue.

4**. Baile Átha Cliath le Gaeilge**:

Julian de Spáinn gave an update on Baile Átha Cliath le Gaeilge activities and he shared a list of businesses interested in using Irish. At the moment they are working on support packages directed at various levels. **Level 1**: free classes to be made available to people working at the counter. **Level 2**: Mícheál Ó Nualláin or Erin Mac an tSaoir on hand to provide mentoring support to participating businesses. **Level 3**: They are thinking of practical aids for people working with the public such as a clock at the counter, which indicates the employee's level of Irish (ranging from a few words to fluent). They are considering the distribution of leaflets to

the public or businesses with funding left over from last year. There will be a meeting of the Advisory Committee during September and some recommendations should arise from this.

Bhí plé ansin faoi dháta oiriúnach do Lá Mór na Gaeilge na bliana seo chugainn. Aontaíodh gurb é an 30ú lá d'Aibreán an dáta is fearr agus go mbeidh Conradh na Gaeilge in ann é a chur sa féilire atá le dul amach chuig na scoileanna ar ball.

There was then a discussion regarding a suitable date for 'La Mór na Gaeilge' next year. It was agreed that 30th April is the most suitable date and Conradh na Gailge will be able to insert this date in their calendar going out to all schools soon.

5. AOB:

The Chair said that the Memorial Committee are due to unveil a plaque to the writer Seosamh Mac Grianna on the 19th August at St Anne's Park. The plaque will be situated on the gatepost of the Park Gate Lodge in which Mac Grianna had lived. Only the gatepost now remains. The Chair said that he would forward on details of the unveiling ceremony to the sub-committee.

Councillor Ring said that there are currently two Irish language signs in Clontarf for 'Cycling/Bike Day' which is a positive development.

Donncha Ó Cathasaigh added that he forgot to mention Darach O'Connor's participation at the BAC le Gaeilge Stand for the Rose Festival.

Actions:

- Orla McMorrow will invite Culture Company to present a the next meeting
- Julian de Spáinn will send a list of businesses with interest in Irish to the subcommittee. (Make contact with Julian if you know of any business with interest in Irish)
- The Chair will forward on information to the subcommittee on the unveiling ceremony in memory of Seosamh Mac Grianna.